CÓD SMACHTA GAELSCOIL PHILIB BARÚN

‘Siad cuspóirí an bhunoideachais ná

a) go gcuirfí ar chumas an páiste saol iomlán a chaitheamh mar pháiste
b) go n-ullmhófaí gach páiste ionas go bhféadfadh sé/sí leas a bhaint as breis oideachais ionas go bhféadfadh sé/sí saol iomlán a chaitheamh mar aoiseach.

Ionas go gcuirfí na cuspóirí thuas i gcríoch ní mór go mbeadh atmaisféar dea-orduithe smachtúil sa scoil. Ba chóir go gcuirfeadh an scoil timpeallacht ar fáil don pháiste atá sábháilte go fisiciúil, atá taitneamhach, agus a chothaíonn deachaidreamh idir pháistí, oidí agus tuistí/caomhnóirí. Ba chóir go dtabharfaí curriculum agus atmaistear oibre ar fáil ionas gur féidir le gach dalta a mianach a bhaint amach. Ba chóir go gcabhródh sé leis an bpáiste, de réir mar a fhásann sé/sí, druidim ón smacht seachtrach go dtí féinsmacht.

Mar a fheicimid é sé aidhm an Chóid Smachta ná cruthiú timpeallachta foghlamtha dearfaigh inar féidir leis an dalta rannphairtiocht iomlán a ghlacadh i saol na scoile.
I gcomhthéacs an tseomra ranga tairgfidh an cód creatlach ina bheidh módhanna spreagadh dearfacha, duaiseanna agus misniú, úsáidtear iliomad spreaganna dearfacha mar pointí creidiúntaí(liosta de rudaí anseo).

Tá rialacha dréachtaithe le deariaradh agus sábháilteach sa scoil a chothú agus a chur chun cinn. Bíodh go mbaineann cuid mhór dóibh leis na páistí tá roinnt eile a éilíonn comhoibriú ó thuistí/chaomhnóirí ach tá deathoil gach páirtí, páistí, oidí, bord bainistíochta agus tuistí/caomhnóirí de dhith ar dheafheidhmniú éifeachtach an chóid seo.
Clúdaíonn an Cód Iompair

a) Iompar sa rang
b) Iompar sa chlós
c) Iompar i dtimpeallacht na scoile i rith amanta scoile

TREORACHA IOMPAIR GINEARÁLTA

Bítear ag tnúth go n-iompródh gach dalta go freagrach ina leith féin agus le daoine eile ag léiriú tuiscine, beasanna agus meas dá gcomhdhaltaí agus do aoisigh i gcónaí.
Ní foláir meas a léiriú do shealúchas an duine agus na scoile
Tá gach oide ranga freagrach as cothú smachta ina rang féin agus roinneann an t-oide chomhfhreagracht as dea iompair sa scoil agus a timpeallacht.

Is féidir iompair míchóir a rangú mar:
mhighníomh
mhí-iompair
mhí-iompair leanúnach
mhí-iompair tromchúiseach
deargmhí-iompair

Déantar é a bhreith i leith aoise, meon, réimse cumais agus toscaí cuíthe eile.
Nuair a tharlaíonn mí-iompair i rith am sosa nó os comhair múinteora eile is féidir leis an múinteoir smachtbhanna a ghearradh agus an múinteoir ranga chur ar eolas.
Iompar sa rang

1. Tá sé do bhunriail sa scoil go dtaispeáinfeadh na leanaí meas agus béasanna do dhaoine eile.
2 Ba cheart go n-aithneódh leanaí cearta dhaoine eile foghlaim in atmasféar socair sábhálta.
3 Déanfaidh leanaí treoracha an mhúinteóra a chomhlíonadh agus déanfaidh siad comhoibriú leis an múinteóir.
4. Críochnóidh leanaí obairbhaile atá tabartha amach - ó bhéal , scríofa nó foghlaim de ghlan mheabhair. Caithfidh slacht cuí a bheith curtha ar obairbhaile.
5. Tá ar na leanaí na h'earraí atá riachtanach chun a n'obair a dhéanamh i gceart a thabhairt isteach gach lá. Orthu seo tá leabhair, cóipleabhair, pinn , pinn luaidhe agus araile. Caithfidh na leanaí aire cheart a thabhairt dos na h'earraí seo.

SAMPLAÍ DE DHROCHIOMPAIR SA RANG

1. Bheith ag caint sa rang in ainneoin rabhadh an mhúinteora; go minic go rialta, de shíor
2. Ag déanamh achrainn trí bheith ag caint amach nó ag aisfhreagairt.
3. Aire leanaí eile a tharrac óna gcuid oibre
4. Obair bhaile nach bhfuil déanta nó críochnaithe gan chuis mhaith
5. Obairbhaile neamhshlachtmhar, liobarnach
6. Teacht ar scoil gan na riachtanaisí thuasluaite
7. Bheith ag teallaireacht nó stailc a chur suas
8. Ag caint as béarla
9. Maslú a dhéanamh ar an múinteóir nó ar leanaí eile*
10. Goid pioca suarach nó mór é*
11. Bulaíocht fisiciúil ar mhúinteoir nó as leanaí eile *

* aitheanta mar dheargmhíghníomh

IOMPAIR SA CHLÓS

1. Ba cheart go mbeadh leanaí tuiscineach faoi chearta gach leanbh sa chlós
2. Tá cosc ar aon iompar atá contúirteach don leanbh féin nó d'aon leanbh eile
3. Tá cosc ar aon iompar a chuirfidh isteach ar chluichí leanaí eile. Ba chóir go gcoscfaí cluichí nó iompar garbh. Seo a leanas samplaí des na cluichí / iompar nach bhfuil ceadaithe sa chlós
   a) cluichí traenacha ina bhfuil tarraingt á dhéanamh ar a chéile
   b) cluichí troda d'aon saghas
   c) rith róthapaidh nó michúramach
   d) rásanna d'aon shaghas
   e) brú
   f) cluichí peile sa chlós
4. Tá ar na leanaí fanacht laistigh de theorainn an chlóis i rith am sosa
5. Is í Gaeilge teanga an chlóis – Tá ar na leanaí gach iarracht a dhéanamh í a labhairt i gcónaí. Má chloiseann múinteoir páistí, sna hardranganna go háirithe, ag súgradh go hiomlán as Béarla cuirfear cosc ar an gcluiche agus cuirfear na páistí i gceist ina linte go ceann tréimhse dhá nóiméad nó más caoi i dtuairim an oide ar dhualgas go dtí deireadh an sosa

6. Ní chóir go rachadh aon pháiste go dtí leithreas gan cead an mhúinteora ar dhualgas. Ní chóir go ligfí do ghrúpa dul go dtí seomraí na leithris

7. Má bhíonn cúis ag an múinteoir ar dhualgas páiste a cheartú mar gheall ar shárú rialacha déanfar nóta den dalta agus coimeádfar istigh é don chéad sos eile nó ag seasamh ina líne ar feadh tréimhse am.

SAMPLAÍ DO DHROCHIOMPAR SA CHLÓS

1. Caitheamh brúscair
2. Cluichí atá contúirteach don leanbh féin nó do leanaí eile
3. Troid , brú , ciceáil , caitheamh seile*
4. Bulaíocht nó bagairt d'aon tsórt *
5. Leanaí ag fágáil an chlóis gan cead (Faoi seo tá leanaí ag filleadh ar fhoirgneamh na scoile)
6. Tá cosc ar bhia sa chlós;
7. Níl cead cainte ná cur isteach ar leanaí eile sna línte
8. Níl cead ag aon dalta sugradh i gclós ranga eile

**aitheanta mar dheargmhíghníomh*

IOMPAR I DTIMPEALLACHT NA SCOILE

1. De bharr cúiseanna sábháilteachta iarrtar ar leanaí bogadh timpeall na scoile i módh ciallmhar
2. Tá ar na leanaí meas a thaispeáint i gcónaí d'achmhainní na scoile
3. Tá meas agus tuiscint do dhaoine eile mar riail bhunúsach na scoile

SAMPLAÍ DO DHROCHIOMPAR I DTIMPEALLACHT NA SCOILE

1. Ag rith i bhfoirgneamh na scoile
2. Screadaíl nó caint a chuirfeadh isteach ar dhaoine eile
3. Cailliúint achmhainní na scoile
4. Goid achmhainní na scoile *
5. Damáiste d'achmhainní na scoile *
6. Marcáil dhromchlaí na scoile in aon slí *
7. Fogha a thabhairt faoi mhúinteóir nó scoláirí eile*.

**aitheanta mar dheargmhíghníomh*

SMACHTBHANNAÍ

Nuair a chuirtear smachtbannaí i bhfeidhmn, 'sí an mí-iompair nach bhfuil inghlactha is ní an duine.
Chomh fada agus is féidir beidh baint ag an smachtbanna leis an mí-iompair.
Nuair a bhíonn mi-iompair i gceist seo leanas smachtbannaí nó strateisí a d'fhéadfá cur i bhfeidhm.
Is féidir cur leis an liosta seo.

1. Tugtar le fios don dalta go bhfuil a chuid iompair doghlactha.
2. Gheobhadh an dalta íde béil ón múinteoir
3. D'fhéadfadh an múinteoir an mí-iompair a phlé leis an leanbh.
4. Is féidir an leanbh a chur ina shuí in áit éigin eile sa t-seomra.
5. Is féidir an dalta a scarúint óna ghrúpa ranga.
6. Caithfear obair baile nach bhfuil críochnaite a chríochnú.
7. Iallach a chur ar an ndalta obair bhaile mí-shlachtmlar a dhéananmh arís.
8. Breis cheacht baile a thabhairt.
9. Nóta nó scéal a scríobh abhaile do thuismitheoirí i leabhar nótaí na ndaltaí. An dalta a sheoladh chun oide comhairleach, an priomhoide ionaid nó / agus an Phríomhoide.
10. Obair scríofa oiriúnach a thabhairt don dalta a shínáilfeadh a thuismitheoirí.
11. An dalta a sheoladh go dtí oide comhairleach, an Príomhoide Ionaid nó / agus an Príomhoide
12. Ní ligtear do dhalta a thuilleadh páirt a ghlacadh i gníomhaíocht thaithneamheach mar shampla Corp Oid.. nó ealaíon má thá sé/sí ag cur isteach ar dhaltaí eile
13. Dalta a chur ar fionraí.
14. Déanfar cúiteamh i leith dochair, cailliúint nó gadaíocht.
    Nuair a bhíonn fadhb smachta ann leantar an modh imeachta seo leanas

(a) déanann an múinteoir cúram de agus is féidir leis / léi píonós a ghearradh

(b) Mura réitítear an fhadhb raghaidh an múinteoir i gcomhairle leis an bpríomhoide nó na tuismitheoirí chun cabhrú leis an leanbh an deacracht a shárú.

Leathnach 5

Ag Plé le Fadhbanna Smachta

Ta an chéad freagracht ar an múiteoir ranga plé le iompar na bpáistí faoina chúram agus taifead a choimead ar eachtraí mí-iompair.
Is féidir leis an múinteoir cúnamh a fháil ó mhúinteoir comhairleach ainmnithe don aoisghrúpa san le plé a dhéanamh ar iompar dúshlánach agus smachtbhannai caoithe chomh maith le bainistiú iompair.
Más oiriúnach é labharfaidh an muinteoir chomhairleach leis an dalta.
Cuirfear tuismitheoiri ar eolas má leanann deacrachtaí smachta.
Dréachtfar plean dea-iompair i gcomhairle le tuismitheoirí dalta agus múinteoirí. Cuirfear an príomhoide ar eolas faoin phlean seo.
Má sháraítear ar treoracha an phlean féachfar air mar mórghníomh mí-iompair. Caithfidh an priomhoide agus an múinteoir comhairleach a bheith ar eolas faoi.
Má áiritear mhíghníomh tromchuiseach mar a atá aitheanta sa phlean seo ní mór an dalta a sheoladh go dtí an príomhoide agus déanfar taifead ar sa chomhad.
Labharfaidh an príomhoide leis an ndalta faoina iompar i láithreacht an múinteoir ranga agus múinteoir comhairleach.
Buailfidh an príomhoide le tuismitheoirí an dalta.
Buailfidh an príomhoide agus an Cathaoirleach leis na tuismitheoirí.
Ag an staid seo is féidir tréimhse fionraíochta a ghearradh má bhreithnítear go bhfuil sé riachtanach ar na cúiseanna seo

- Ar chuis shábhaltachta nó sláinte;
- cuidiú leis an scoil spriocanna iompair a chur ar bun leis an dalta agus lena t(h)uismitheoirí
- deis a thabhairt d'fhoireann na scoile idirghabháil eile a phleanáil
- tromchúis an iompair a chur ina luí ar an ndalta agus ar a t(h)uismitheoirí.

Nuair a chuirtear deireadh le smachtbhanna ar bith, agus fionraí san áireamh, caithfear deis a thabhairt don dalta agus tacú leis/léi tosú as an nua. Cé go gcaithfear taifead a choinneáil ar an iompar agus ar smachtbhanna ar bith a cuireadh i bhfeidhm, a luaithe is a chuirtear deireadh leis an smachtbhanna, ní mór don scoil na hionchais chéanna a bheith aici maidir leis an mac léinn seo agus atá aici maidir le gach mac léinn eile i dtaca le hiompar.